

ACHT NA gCUIDEACHTAÍ, 1963 GO dTÍ 2014

CUIDEACHTA FAOI THEORAINN RÁTHAÍOCHTA AGUS GAN SCAIRCHAIPITEAL)

MEABHRÁN COMHLACHAIS

THEARMANN ÉANNA TEORANTA

1. TEARMANN ÉANNA TEORANTA is ea ainm na Cuideachta.
2. Is é an príomhchuspóir atá le bunú na Cuideachta ná: -
 - (i) Cóiríocht a chur ar fáil ar bhonn neamhbhrabúis do dhaoine scothaosta agus do dhaoine eile atá faoi mhíbhuntáiste, mar seo a leanas:
 - (a) Daoine scothaosta atá incháilithe do thithíocht údaráis áitiúil nó do chúram cónaitheach ar chostas poiblí.
 - (b) Daoine a bhfuil riachtanais speisialta acu ach atá in ann maireachtáil go neamhspleách, daoine ar liostaí faofa feithimh na n-údarás áitiúil nach bhféadfaí a bheith ag súil go réasúnach go mbeidís in ann cóiríocht cheart daingean a fháil as a n-acmhainní féin.
 - (c) Daoine gan dídean mar atá sainithe in Alt 2 den Acht Tithíochta 1988 mar atá leasaithe ó am go ham.
 - (d) Daoine scothaosta agus daoine eile atá faoi mhíbhuntáiste nach bhfuil faoi réir tástáil mhaoine.
 - (e) I dtaca le cóiríocht ar chíos, is féidir glacadh leis i gcoitinne gur daoine “scothaosta” iad na daoine sin atá 55 bliain d’aois nó os a chionn. Ní gá an teorainn aoise a chur i bhfeidhm go daingean agus d’fhéadfadh cóiríocht a bheith le fáil ag daoine atá faoin aois sin má mheasann an t-údarás tithíochta go bhfuil sé sin cuí.
 - (ii) I gcur chun cinn an phríomhchuspóir thuasluaite beidh na spriocanna cúnta seo a leanas ag an gcuideachta: -
 - (a) Úsáid agus cothú na Gaeilge a spreagadh mar aon le cultúr na Gaeltachta.
 - (b) Cúram lae agus seirbhísí gaolmhara eile a chur ar fáil don phobal ar bhunús neamhbhrabúis.
 - (c) Foirgnimh a chur ar fáil chun cóiríocht a thabhairt do dhaoine a bhfuil riachtanais síciatracha agus/nó speisialta ach faoi réir údarás sláinte an stáit, ó am go ham, a bheith in ann seirbhísí cuí a chur ar fáil chun cuidiú le daoine a bhfuil cóiríocht dá leithéid sin acu d’fhonn iad a bheith in ann maireachtáil go neamhspleách.
 - (d) Ionad Leighis a chur ar fáil le gur féidir seirbhísí leighis den chineál sin a chur ar fáil de réir mar a bheidh aontaithe leis na soláthraithe seirbhíse agus le seirbhísí cuí eile.

- 3 (i) Beidh na cumhachtaí seo a leanas ag an gCuideachta:- (a) - (e)
- (a) Gníomhaíochtaí carthanachta eile a bheidh abartha chun an príomhchuspóir réamhléirithe a bhaint amach;
 - (b) Tóraíocht, bailiú, glacadh agus riaradh ar mhaoin i bhfoirm airgid agus earraí nó réadmhaoine eile d'aon chineál ar bith chun críocha an phríomhchuspóra réamhráite a bhaint amach;
 - (c) Comhoibriú le carthanachtaí eile, go háitiúil, go náisiúnta nó go hidirnáisiúnta, d'fhonn an príomhchuspóir réamhráite a bhaint amach;
 - (d) Tabhairt faoi na nithe dlíthiúla sin ar fad atá ábhartha nó cuiditheach chun an príomhchuspóir thuas a bhaint amach;
 - (e) Ní thabharfaidh an chuideachta tacaíocht lena cuid maoin d'aon ní ná ní thriailfidh sí tionchar a imirt, ná aon rialúchán nó bac a fháil a mbeadh sé le sonrú ag a chomhaltaí nó ag daoine eile, dá mbeidís mar ábhar ag an gCuideachta, go mbeadh sí ina ceardchumann.
- (ii)
- (a) Seilbh a fháil trí cheannach, malairt, léas, deontas feofheirme nó eile, bíodh sin mar eastát i bhfeo simplí nó d'aon eastát níos lú nó eastát eile nó leas, bíodh sé láithreach nó frithdhílse, agus bíodh sé dílsithe nó teagmhasach, aon talamh, tionóntáin nó oidhreachtaí d'aon tiontacht, bíodh nó ná bíodh sé faoi réir aon mhuirir nó eirí agus seilbh agus feirmeoireacht nó bainistiú nó díol, ligean, coimhthiú, morgáistiú, leasú nó muirearú a dhéanamh ar thalamh agus maoin eile bíodh sin go hiomlán nó faoi choinníollacha, agus faoi réir nó gan réir aon mhorgáiste, muirear, cíos talún nó cíosanna nó cíosanna eile nó eirí, agus íoc as aon talamh, tionóntáin nó sócmhainní a nglacfaidh an Chuideachta seilbh orthu agus í ag díriú ar a príomhchuspóirí.
 - (b) Tabhairt faoi agus cur i bhfeidhm aon iontaobhais atá ceadaithe go dlíthiúil don Chuideachta agus a mheastar a bheith mar chuidiú chun a príomhchuspóirí a bhaint amach.
 - (c) Deontais agus cabhair airgeadais a fháil mar aon le hairgead a bhailiú nó a fháil ar iasacht ar théarmaí a mheastar a bheith fóirsteanach, agus aisíoc an airgid sin a bhailítear nó a fhaightear ar iasacht a shocrú ar théarmaí a mheastar a bheith cuí.
 - (d) Cistí na Cuideachta a infheistiú in nó air nó ar bhealach éigin eile a fháil, a shealbhu agus a dhéileáil in urrúis agus in infheistíochtaí de gach saghas cineál.
 - (e) Pinsin, aiscí, liúntais nó cabhair charthanachta a dheonú d'aon duine a bhféadfadh seirbhís a bheith tugtha acu don Chuideachta mar fhostaí, nó do mhná céile, fir céile, leanaí nó cleithiúnaithe eile a bheadh ag a leithéid de dhuine ar choinníoll nach a mbeadh a leithéid de phinsin, aiscí, liúntais nó cabhair charthanachta níos mó ná an méid a bheadh le fáil as scéim pinsin ceirde agus ar choinníoll go bhfuil scéim pinsin ceirde dá leithéid sin á oibriú ag an gcuideachta; agus íocaíochtaí a dhéanamh le haghaidh árachais mar aon le cistí sochair agus coigiltis a bhunú agus ranníocaíochtaí a thabhairt dóibh ar mhaithe le haon daoine atá fostaithe ag an gCuideachta agus airgead a shuibscríobh nó a ráthú do chúinsí carthanachta.

- (f) Airgead a shuibscríobh nó a ráthú d'fhonn príomhchuspóirí na Cuideachta a bhaint amach.
 - (g) Nótaí gealltanais, billí malairte, seiceanna, litreacha creidmheasa, nótaí ciorclacha, agus Ionstraimí marsantacha eile a tharraingt, a dhéanamh, a ghlacadh, a fhorhnuiniú, a eisiúint, a lascainiú, agus a dhéileáil ar aon bhealach eile.
 - (h) Tabhairt faoi thaighde, imscrúduithe agus obair thurgnamhach nó fhorbartha de gach saghas cineál i dtaca le haon cheann de na nithe thuas nó an t-iomlán acu.
 - (i) Airgead a réamhíoc nó a thabhairt ar iasacht, le hurrúis, do dhaoine nó cuideachtaí dá leithéid agus ar choinníollacha agus faoi réir na gcoinníollacha sin a mheastar a bheith cuí.
 - (j) Aon chineál socruithe a dhéanamh le haon rialtas nó údarás, uachtarach, bardasach, áitiúil nó eile, nó le cuideachta a mheastar a bheith cuiditheach do phríomhchuspóirí na Cuideachta nó aon chuid díobh, agus aon chairteacha, conarthaí, foraitheanta, cearta, pribhléidí agus lámháiltais a fháil óna leithéid sin de rialtas, údarás nó cuideachta, a leithéidí sin de shocrúcháin, cairteacha, conarthaí, foraitheanta, cearta, pribhléidí agus lámháiltais a chur i gcrích, a chur i bhfeidhm agus cloí leo.
 - (k) Iarratas a dhéanamh ar agus seilbh a fháil ar aon ghníomhaíochtaí nó údaruithe reachtúla, bardasacha nó eile a chuirfidh ar chumas na Cuideachta a príomhchuspóirí a chur i gcrích nó chun méadú nó athrú a chur ar a cumhachtaí, nó ar aon chúis a mheastar a bheith oiriúnach, agus cur i gcoinne aon imeachtaí nó iarratais a mheastar a bheith baolach go díreach nó go hindíreach do leas na Cuideachta.
 - (l) Íoc as na costais ar fad nó aon chostais a bhaineann le nó a thabhófar i dtaca le bunú agus corprú na Cuideachta, nó conradh a dhéanamh le haon duine nó cuideachta chun iad sin a íoc.
 - (m) Gach ní a dhéanamh a mheastar a bheith teagmhasach nó cuiditheach leis na príomhchuspóirí thuasluaite a bhaint amach.
4. Déanfar ioncam agus maoin na Cuideachta cibé as a dtagann siad a úsáid chun príomhchuspóirí na Cuideachta a chur chun cinn agus chuige sin amháin mar atá leagtha síos sa Mheabhrán Comhlachais seo agus ní dhéanfar aon chuid di a íoc ná a aistriú trí bhíthin díbhinne, bónais, ná aon bhealach eile d'aon chineál trí bhrabús a thabhairt do chomhaltaí na Cuideachta, AR AN gCOINNÍOLL nach bhfuil aon ní leis seo a choiscthidh íocaíocht de mheoin maith ar luach saothair réasúnach agus cóir d'aon oifigeach nó searbhónta den Chuideachta nach bhfuil ina Stiúrthóir ná d'aon chomhalta den Chuideachta mar aisíoc ar aon seirbhísí iarbhír a thabharfaidh siad don Chuideachta agus ní choisctear íocaíocht úis de réir rátaí an mhargaidh gan dul thar cúig faoin gcead sa bhliain ar airgead a thabharfar ar cíos don Chuideachta ná cíos réasúnach agus cóir ar áitreabh a bheidh forléasta nó ligthe ag an gCuideachta (mar atá sainithe in Airteagail Chomhlachais na Cuideachta) agus ní thabharfaidh an Chuideachta aon luach saothair nó

buntáiste eile i bhfoirm airgid nó luach airgid d'aon chomhalta den Choiste seachas íocaíocht ar chostais as póca agus ar ús mar atá réamhráite ar airgead ar iasacht nó cíós réasúnach agus cóir ar áitreabh a bheidh forléasta nó ligthe leis an gCuideachta AR AN gCOINNÍOLL nach mbeidh an fhoráil sin a luadh go deiridh i gceist d'aon íocaíocht le cuideachta eile a bhfuil comhalta den Choiste ina chomhalta di agus gan níos mó ná aon chéadú cuid den chaipiteal a bheith i seilbh an chomhalta sin, agus nach mbeidh an comhalta sin faoi cheangal cuntas a thabhairt ar aon scair den bhrabús a d'fhéadfadh a bheith le fáil ag an té sin i dtaca le haon íocaíocht dá leithéid.

5. Coinneoidh an Chuideachta cuntas ceart airgeadais ar a gníomhaíochtaí, agus uair sa bhliain ar a laghad déanfaidh iniúchóir cáilithe iniúchóireacht ar na cuntais, agus cuirfear na cuntais iniúchta ar fáil do na Coimisinéirí Ioncaim má iarrtar iad.
6. Ní chuirfear aon athrú ar an Meabhrán Comhlachais gan cead a bheith faighte i scríbhinn roimh ré ó na Coimisinéirí Ioncaim.
7. Tá teora le dliteanas na gcomhaltaí.
8. Geallann gach comhalta den Chuideachta soláthar a thabhairt d'acmhainní na Cuideachta i gcás agus go ndéantar í a fhoirceannadh, i rith na tréimhse a bhfuil sé/sí ina c(h)omhalta nó laistigh de bhliain ina dhiaidh sin, chun íoc as fiacha agus dliteanas na cuideachta a conraíodh roimh an am ar éirigh sé/sí as a bheith ina b(h)all agus as na costais, na muirir agus na caiteachais a bhainfidh le foirceannadh na Cuideachta agus as coigeartú chearta na ranníocaíochtaí ina measc féin, ach gan an méid a mbeidh gá leis dul thar €15.00.
9. I gcás agus go mbíonn aon mhaoin d'aon chineál fágtha tar éis don Chuideachta a bheith foirceanta nó díscailte agus na fiacha agus na dliteanas ar fad a bheith glanta go sásúil ní dhéanfar í sin a íoc ná a dhaileadh i measc chomhaltaí na Cuideachta agus déanfar í a thabhairt nó a aistriú d'fhoras nó d'fhorais charthanachta eile a bhfuil príomhchuspóirí aige/acu atá cosúil le príomhchuspóirí na Cuideachta agus a choiscfidh ar dháileadh a ioncam nó a n-ioncam agus a maoin i measc a chomhaltaí nó a gcomhaltaí ar aon dul nó níos mó leis sin atá dlite ar an gCuideachta faoi réir nó de bhíthin Chláisail 4 atá leis seo agus deimhneoidh comhaltaí na Cuideachta cén foras nó na forais iad sin am an díscailte nó roimhe sin, nó ina easnamh sin socróidh cibé Breitheamh Ard-Chúirte é a mbeidh dliteanas aige/aici nó a gheobhaidh dliteanas ar an gcás agus murar féidir éifeacht a thabhairt do na forálacha réamhráite ansin tabharfar é d'oibiacht charthanachta éigean eile.

WE, the several persons whose names, addresses and descriptions are subscribed, wish to be formed into a Company in pursuance of this Memorandum of Association.

Names, Addresses and Descriptions of Subscribers

P. J. Fíghel. An Cúir Gndrabhán Fear Sín.

Sara u. Mhaíle Minna Bean .Ti.

Aodán Mac Domcho An Spideál, Saoiste O'Ríge.

Án BREATHWACH AN TULACH Bean Mústir Post
Micheál Ó Flannabha An Spideál
Lafart Paréste

Marsaid Uí Meachtain, An Spideál. Teagasóir Tíos
Máire Ní Sheatháin Tuisín, Indreabhán S.R.N.

Máire Berry Fettermillen S.R.N.

Áine Uí Fhlatharta, An Jón Bhráin, Rura
Aischa Ní Sheatháin, Bili Rua, Indreabhán Fochuairín
(Lafart Paréste)

Dated the 6th day of July 1998.

Witness to the above Signatures:-

Micheál C. Ó Riáin
Dlíadóir
Gairleach.

ACHT NA gCUIDEACHTAÍ, 1963 go dtí 2014

CUIDEACHTA FAOI THEORAINN RÁTHAÍOCHTA AGUS GAN SCAIRCHAIPITEAL)

AIRTEAGAIL CHOMHLACHAIS THEARMANN ÉANNA TEORANTA

RÉAMHRÁITEACH

1. Beidh na rialacháin atá i dTábla C sa chéad Sceideal d'Acht na gCuideachtaí, 1963, arna leasú faoi láthair ag reachtaíocht (dá ngairfear "Tábla C" as seo amach) i bhfeidhm don Chuideachta faoi réir na n-athruithe atá leis seo agus beidh an Chuideachta agus a comhaltaí faoi cheangal aige a fhad agus nach bhfuil sé neamhréireach leis na nithe atá leis seo.

Ní bheidh rialacháin 2, 13, 14, 23, 32, 33 agus 51 de Thábla C i gceist don Chuideachta.

BAINISTIÚ

2. Beidh an Chuideachta faoi rialú agus faoi stiúir Coiste a bhunófar mar atá leagtha amach anseo thíos. Mura mbeidh a mhalairt d'intinn léirithe, glacfar leis go mbeidh an tagairt do "stiúrthóirí" i dTábla C ag baint leis an gCoiste nó le comhaltaí an Choiste a bheidh i láthair ag cruinniú den Choiste.

COMHALTAÍ

3. Is é 11 an líon comhaltaí atá i gceist a chlárú ach is ceadmhach don Chuideachta méadú ar líon na gcomhaltaí a chlárú ó am go ham.
4. Mar seo a leanas a bheidh comhaltaí na Cuideachta:-
 - (a) Síntiúsóirí an Mheabhráin Chomhlachais a bheidh ina gcéad chomhaltaí ar an gCuideachta;
 - (b) Aon daoine eile a nglacfaidh an Coiste leo mar chomhaltaí. Sula dtabharfar ballraíocht d'aon duine mar chomhalta, ní mór dó/di toiliú lena leithéid de bhallraíocht roimh ré i scríbhinn agus é sin a thabhairt don Chuideachta.
5. Faoi réir na nAirteagal seo, fanfaidh gach comhalta ina c(h)omhalta ar feadh tréimhse cúig bliana, ach beidh gach comhalta incháilithe d'athnuachan ballraíochta ar na téarmaí sin a bheidh leagtha síos ag an gCoiste.

6. Níl an bhallraíocht inaistrithe agus tiocfaidh críoch le cearta agus pribhléidí na ballraíochta nuair a éagfaidh comhalta nó nuair a éireoidh sé/sí as oifig nó nuair a chuirfear as oifig é/í.
7. Más mian le comhalta éirí as oifig caithfidh sé/sí é sin a chur in iúl i scríbhinn do Rúnaí na Cuideachta, agus tiocfaidh deireadh leis an mballraíocht seachtain tar éis don Rúnaí a leithéid sin de litir scoir a fháil i scríbhinn.

COMHALTAÍ A CHUR AS OIFIG

8. (a) Beidh sé d'údarás ag an gCoiste, le cead ó dhá thrian den bhallraíocht a bheidh i láthair agus i dteideal vótáil ag cruinniú Coiste, aon chomhalta a chur as ballraíocht na Cuideachta ag aon am má mheasann an Coiste go bhfuil an té sin ciontach as mí-iompar tromchúiseach a d'fhágfadh go mbeadh sé/sí neamhoiriúnach le fanacht mar chomhalta
- (b) Caithfear cinneadh den chineál sin a chur i scríbhinn chuig an gcomhalta reatha tar éis cruinnithe dá leithéid ar a dheireanaí, agus beidh éifeacht leis an gcinneadh ón deichiú lá tar éis an chinnidh a dhéanamh, AR AN gCOINNÍOLL ÁFACH i gcás go n-iarrann an comhalta i scríbhinn ar an Rúnaí laistigh de dheich lá go ngairfí cruinniú ginearálta den Chuideachta chun an cás a bhreithniú, ní bheidh éifeacht leis an gcinneadh mura nó go dtí go ndéanfar é a ráthú ag cruinniú ginearálta de na Comhaltaí.

NÓSANNA IMEACHTA AG CRUINNITHE GINEARÁLTA

9. Ní fhógrófar aon díbhinn agus tá Rialachán 10 mionathraithe dá réir.
10. Is é an córam do chruinniú ginearálta ná 6 comhaltaí, agus tá Rialachán 11 de Thábla C mionathraithe dá réir.
11. Beidh Cathaoirleach an Choiste i gceannas ag cruinnithe ginearálta den Chuideachta, nó i gcás nach mbeidh sé/sí i láthair laistigh de 25 nóiméad ón am atá an cruinniú ceaptha tosú, nó i gcás go bhfuil sé curtha in iúl ag an té sin don chruinniú nach bhfuil ar a c(h)umas a bheith i láthair, déanfaidh na comhaltaí den Choiste atá i láthair ag an gcruinniú ginearálta duine dá mballraíocht a thoghadh mar chathaoirleach ar an gcruinniú, nó más gá, déanfaidh comhaltaí na Cuideachta a bheidh i láthair duine dá mballraíocht a cheapadh mar chathaoirleach ar an gcruinniú.
12. Aon rún i scríbhinn a ndéantar tagairt dó i Rialachán 20 de Thábla C is féidir roinnt doiciméad a bheith i gceist ann i bhfoirm chosúil, gach ceann acu sínithe ag comhalta amháin nó níos mó (nó a n-ionadaithe a bheidh údaraithe go foirmiúil) sa rialachán sin dá dtagraítear.

AN COISTE

13. Déanfaidh síntiúsóirí an Mheabhráin Chomhlachais nó tromlach díobh na chéad chomhaltaí a cheapadh ar an gCoiste. Ina dhiaidh sin ní bheidh líon na gcomhaltaí ar an gCoiste níos lú ná beirt ná níos mó na aon duine dhéag.
14. Aon chomhaltaí Coiste a cheaptar faoi réir Airteagail 15 thíos, ní éireoidh siad as oifig trí uainíocht agus tá Tábla C mionathraithe dá réir.

15. Má theipeann ar aon chomhalta freastal ar thrí chruinniú den Choiste as a chéile, gan cúis mhaith a bheidh inghlactha ag an gCoiste, glacfar leis go bhfuil an té sin éirithe as an gCoiste.
16. Ag an gcéad chruinniú den Choiste agus ag a chéad chruinniú tar éis gach cruinniú cinn bhliana, déanfaidh an Coiste na hoifigigh seo a leanas a cheapadh:- Cathaoirleach, Rúnaí agus cibé oifigigh eile a aontóidh an Coiste. Fanfaidh an Rúnaí in oifig go gceapfar comharba ina (h)áit.
17. I gcás aon fholúntas teagmhasach in aon phost ar an gCoiste roimh an gcéad chruinniú cinn bhliana eile, beidh se de chumhacht ag an gCoiste an folúntas a líonadh.
18. Reáchtálfar cruinnithe rialta den Choiste ag amanna agus in ionaid a shocróidh an Coiste. Chomh fada agus is féidir, déanfar gnó na gcruinnithe a shonrú i bhfógra tionóil na gcruinnithe.
19. Is féidir cruinnithe speisialta den Choiste a ghairm ar iarratas ón gCathaoirleach nó ar iarratas i scríbhinn chuig an Rúnaí ó cheathrar de chomhaltaí an Choiste. Ina leithéid de chásanna ní mór an chúis atá leis an gcruinniú a shonrú san iarratas agus sa bhfógra tionóil don chruinniú, agus caithfear fógra seacht lá a thabhairt do chruinniú dá leithéid sin. Ní phléifear aon ghnó eile ag an gcruinniú speisialta. Tá Rialachán 50 i dTábla C mionathraithe dá réir.
20. Is é an córam do chruinniú Coiste ná triúr nó caoga faoin gcéad den líon comhaltaí Coiste ag am an chruinnithe, cibé acu is lú.
21. Ní ceadmhach do chomhalta den Choiste vótáil i dtaca le haon chonradh a bhfuil leas aige/aici ann ná ar aon nithe a eascraíonn as sin ach amháin tar éis dearbhú iomlán a thabhairt faoina leithéid sin de leas agus ansin féin de rogha chomhaltaí eile an Choiste.

FODHLÍTHE

22. Faoi réir Mheabhráin agus Airteagail Chomhlachais na Cuideachta, is ceadmhach don Choiste fodhlíthe a dhéanamh nó a athrú nó a aisghairm chun rialúchán cuí a dhéanamh ar ghnóthaí na Cuideachta.

DÍCHÁILIÚ AR CHOMHALTAÍ AN CHOISTE

23. Dícháileofar duine go huathoibríoch mar chomhalta ar an gCoiste má dhéantar an té sin:
 - (a) a cheapadh in aon phost nó oifig tuarastail sa Chuideachta nó
 - (b) a dhícháiliú nó a shrianadh mar dhuine faoi Chuid VII d'Acht na gCuideachtaí, 1990, agus tá Rialachán 39 de Thábla C mionathraithe dá réir.

FÓGRAÍ FAOI CHRUINNITHE GINEARÁLTA

24. Tabharfar fógraí faoi gach cruinniú ginearálta in aon bhealach atá údaraithe faoi Thábla C do:-
- (a) gach comhalta;
 - (b) an t-iniúchóir reatha a bheidh ar an gCuideachta.

Ní bheidh aon duine eile i dteideal fógraí a fháil faoi chruinnithe ginearálta.

SLÁNAÍOCHT

25. Beidh gach comhalta den Choiste, an Rúnaí nó aon oifigeach eile den Chuideachta i dteideal a bheith slánaithe as sócmhainní na Cuideachta in aghaidh gach cailteanas nó dliteanas a d'fhéadfadh tarlú nó tabhú i nó faoi chomhlíonadh dhualgas a (h)oifige nó ar aon bhealach eile i dtaca leis sin, ar a n-áirítear aon dliteanas a thabhófaí ar an té sin i mbun cosanta in aghaidh aon imeachtaí, bíodh siad sibhialta nó coiriúil, ina dtugtar breithiúnas ina (f)hábhar nó ina n-éigiontaítear é/í nó i dtaca le haon iarratas faoi Alt 391 d'Acht na gCuideachtaí, 1963 ina ndeonaíonn an chúirt faoiseamh dó/dí, agus ní bheidh comhalta den Choiste nó aon oifigeach eile faoi dhliteanas i taca le haon chailteanas, damáiste nó mí-ádh a d'fhéadfadh tarlú nó tabhú don Chuideachta i gcomhlíonadh a d(h)ualgais oifige nó i dtaca leo. Ní bheidh aon éifeacht leis an Airteagal seo ach amháin chomh fada agus nach bhfuil a fhorálacha seachanta ag Alt 200 d'Acht na gCuideachtaí, 1963.

FOIRCEANNADH AGUS DÍSCAOILEADH

26. Beidh an éifeacht chéanna leis na forálacha atá i gClásail 9 den Mheabhrán Comhlachais i dtaca le foirceannadh agus díscaoileadh na Cuideachta agus dá mbeidís athráite go hiomlán sna hairteagail seo.

Names, Addresses and Descriptions of Subscribers

Mr O'Leary An Cúir Gheallán Fw Sgo

Sara u. Mhaill Minna Beon Ti.

Aodán Mac Domhnaigh An Spidéal, Saolta O'Rige.

SEÁN BREATHNACH, AN TULACH Camm Mháistir Post
Michael O'Hannabháin, Fudgallán,
Sagarán Tobar

Marsaid u. Meachairín An Spidéal Teagascóir Tur
Máire Ní Shealláin Beirne Sababhan S.R.N.

Máireamh Bony Lettermuller s.r.v.

Aine u. Theatrasta, an t-á Búair, Ruraí
Aodá Ní Dhomhnaigh, Cúir Cú, Indreabhán. Feidhmeannach,
(Kajpas Stáit)

Dated the 6th day of July 1998.

Witness to the above Signatures:-

Michael G. O'Riain
Director
Cairnín